



Eleathanach 384



Dé Máirt, an 17 Bealtaine, 2021

Gadaithe rothar!

Ó Eanáir 2020 go dtí an 23ú Aibreán, 2021, ghoid gadaithe 6,845 rothar. Bhí 10% de na rothair ar luach €1,000 nó níos mó!

Bíonn sraithuimhir ar gach rothar. Dúirt na Gardaí nach raibh an tsraithuimhir ar eolas ach ag duine amháin as gach cúigear.

Ar ndóigh, bíonn sé níos deacra an rothar a thabhairt ar ais don úinéir gan sraithuimhir. Go minic bíonn ort an rothar a chasadh bunoscionn chun an uimhir a fheiceáil.

Molann na Gardaí glas a chur ar do rothar, fiú nuair atá sé i do gharáiste. Molann siad freisin glas rothair an-mhaith a cheannach agus pictiúr a ghlacadh den rothar agus den tsraithuimhir.

Glas rothair




Laoch i Maryland!

Ag tús na míosa, léim laoch isteach i gCuan Maryland chun leanbh a shábháil. Bhí timpiste ar dhroichead Bhealach 90 thar Bhá Assawoman Maryland.


Bhí Jonathan Bauer ina charr lena iníon, Ava, nuair a tharla an timpiste. Ar dtús, rinne sé cinnte go raibh Ava ceart go leor. Ansin chuaigh sé chun cabhrú leis na daoine eile.

Léirigh paisinéir dó go raibh duine san abhainn faoin droichead. Cé go bhfuil eagla ar Jonathan roimh airdí, léim sé ón droichead.

Shábháil sé an cailín óg ón uisce. Tar éis na timpiste bhí ar ochtar dul chuig an ospidéal



Is laoch é!



Bhí gléas speisialta acu.

Tiripíní beaga san Ollscoil!

Is féidir le tiripíní beaga sleamhnú isteach i ndraenacha agus iad ag iarraidh an tsráid a thrasnú. Le déanaí, shábháil oibríthe deonacha 826 tiripín i New Jersey, sna Stáit Aontaithe.

Bhain siad úsáid as gléas speisialta a raibh líon ceangailte air le bambú.

Anois in Ollscoil Stockton i New Jersey, tá baill foirne ag tabhairt aire do na tiripíní.

Nuair a bheidh na tiripíní réidh, i gceann bliana, cuirfidh na baill foirne ar ais san fhiántas iad, áit ar féidir leo a bheith rathúil.

